



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment



Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile

Ceisteanna Coitianta

Forbraíodh an chéad tacar seo de DHRÉACHT-cheisteanna agus freagraí mar fhreagra ar cheisteanna ó na páirtithe leasmhara san oideachas i rith an chomhairliúcháin atá ar bun ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta ar na Ceisteanna Coitianta de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach ó na páirtithe leasmhara san oideachas.

Cén t-athrú atá tagtha ar an gcomhairliúchán mar fhreagra ar COVID-19?

Bhí tionchar bunúsach agus forleathan ag COVID-19 ar an gcóras oideachais. Mar thoradh air seo, tháinig athruithe ar na bunphleananna don chomhairliúchán ar Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile, lena n-áirítear comhairliúchán le scoileanna agus suíomhanna luath-óige a chur ar athlá go dtí scoilbhliain 2021 – 2022. Cuireadh na dúshláin a raibh ar mhúinteoirí, ceannairí scoile, cleachtóirí luath-óige, tuismitheoirí agus pobail scoile aghaidh a thabhairt orthu san áireamh agus an cinneadh seo á dhéanamh. Rinneadh an cur chuige foriomlán i leith an chomhairliúcháin a athdhearadh ina dhá chéim:

- **Céim a haon:** airíodh leis an gcéim seo den chomhairliúchán cruinnithe ar líne le páirtithe leasmhara oideachais; níos mó ná 150 aighneacht ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair; agus na céadta ceistneoir a rinneadh. Leanadh ar aghaidh le céim a haon go dtí deireadh mhí Eanáir 2021.
- **Céim a dó:** Déanfar an chéim seo den chomhairliúchán le scoileanna agus suíomhanna luath-óige a athoscailt i lár mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus leanfar ar aghaidh léi go dtí tús 2022.

Más mian le duine a thuairim a thabhairt le linn chéim a dó, is féidir a leithéid a dhéanamh leis an gceistneoir, an fhoirm don aighneacht i scríbhinn agus an t-ábhar a bhaineann leis an

gceardlann chomhairliúcháin do scoileanna. Tá súil againn a bheith in ann deiseanna le haghaidh imeachtaí comhairliúcháin ar líne agus/nó aghaidh ar aghaidh a chur ar fáil freisin ag tús 2022, ag brath ar chomhairle sláinte poiblí. Bainfear feidhm as gach aiseolas a fuarthas ó chéim a haon agus ó chéim a dó den chomhairliúchán d'fhonn an creat deiridh a threorú.

An mbeidh na heispéiris a bhain le COVID-19 le feiceáil sa churaclam athfhorbartha?

Is iomaí iarmhairt shuntasach atá ag an ngéarchéim dhomhanda a d'eascair as an bpaindéim ar an oideachas, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar chórais oideachais ag gach leibhéal. Beidh éagsúlacht na n-eispéireas a bhí ag múinteoirí, ceannairí scoile, páistí agus tuismitheoirí in Éirinn agus iad ag glacadh agus ag déileáil le cuir chuige nua agus níos solúbtha i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe sách ábhartha, mar aon le torthaí ó fhianaise taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus anailís ar thionchar COVID-19 ar leanúnachas páistí maidir le foghlaim, forbairt agus folláine. Cé nach bhfuiltear cinnte faoin tionchar fadtéarmach a bheidh ag COVID-19 ar an oideachas, leanfaidh CNCM ag meas na freagartha a fhéadfaidh an curaclam athfhorbartha a dhéanamh go cúramach chun cur chuige tacúil agus inbhuanaithe a chinntiú i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe san oideachas bunscoile i gcomhthéacs an tsaoil i ndiaidh COVID.

Cén fáth a bhfuil an curaclam ag athrú?

Tá *Curaclam na Bunscoile (1999)* i bhfeidhm le dhá bhliain is fiche anois. Nuair a foilsíodh é, ba churaclam ceannródaíoch é a raibh bonn eolais aige ó thaighde forleathan. Ar ndóigh tá go leor taighde déanta sa scór blianta ó shin ar fhoghlaim agus forbairt páistí agus is iomaí athrú mór tarlaithe sa tsochaí. Tá éilimh déanta ar athrú curaclaim, ar nós méadú ar an am le haghaidh réimsí reatha ar nós Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Corpoideachais. Moladh gnéithe nua foghlama amhail Códú agus Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, Nuatheangacha lasachta, mar aon le béim níos mó ar an bhFolláine. Mar thoradh ar dhá bhliain d'oideachas réamhscoile uilechoiteann, foilsíú *Aistear (2009)* agus an *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* tháinig athrú ar an taithí a fhaigheann an páiste sula dtéann sé chuig an mbunscoil agus ina dhiaidh sin. Fágann forbairtí sa teicneolaíocht go bhfuil páistí an lae inniu ag maireachtáil i saol ina bhfuil rochtain láithreach acu ar fhaisnéis. Múnlaítear an córas oideachais agus na páistí iad féin de réir a dtaithe dhifriúil ar shaol teaghlai, ar chultúir dhifriúla, ar chreidimh dhifriúla agus ar thuairimí dhifriúla, agus inniúlachtaí agus riachtanais dhifriúla. Samhlaigh an páiste a bheirtear in

2021 agus a thosaíonn ar an mbunscoil i mí Mheán Fómhair 2025/2026, tosóidh sé a shaol oibre sna 2050idí agus rachaidh sé ar scor ag deireadh na 2080idí nó tús na 2090idí!

An ngabhfaidh curaclam bunscoile athfhorbartha i ngleic leis an ualach róthrom atá ar an gcuraclam?

Gabhfaidh. Cé gur chuir *Curaclam na Bunscoile* (1999) bonn láidir faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim, bhí an t-ualach róthrom ar cheann de na dúshláin a bhain leis. Moltar sa dréachtchreat bogadh ó 11 ábhar i gcéimeanna 1 agus 2 (na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó) go dtí cúig réimse curaclaim leathana, agus ansin bogadh chuig ábhair níos sainithe i gcéimeanna 3 agus 4 (rang a trí go dtí rang a sé). Cuimseofar leis an gcuraclam athfhorbartha an *Creat Curaclaim*, cúig shonraíocht churaclaim agus uirlisí úsáide curaclaim ar líne. Tugann na cúig shonraíocht churaclaim deis deireadh a chur le haithris gan ghá i measc réimsí agus ábhar, agus bogadh ó chuspóirí ábhair an-mhionsonraithe go dtí torthaí foghlama leathana. Déanfar machnamh cúramach i ngach sonraíocht churaclaim a fhorbrófar ar cad atá tábhachtach agus cad nach bhfuil chomh tábhachtach de réir mar a fhéachaimid i dtreo curaclam a thacóidh le foghlaim an pháiste as seo go ceann 15 bliana. Leis sin caithfear cinntí a dhéanamh faoin ábhar a chuirfear isteach agus an t-ábhar a fhágfar ar lár. Tugann na leithdháiltí ama atá molta solúbthacht níos mó do scoileanna agus don mhúinteoir faoin leas is fearr a bhaint as am, rud a chuirfidh ar chumas múinteoirí breithiúnais a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr an curaclam a chur i bhfeidhm ina gcuid scoileanna féin.

Cad is creat curaclaim ann?

Leagtar amach fíis shoiléir agus na príonsabail don teagasc agus don fhoghlaim i gcreat curaclaim. Tarraingítear aird ann ar a bhfuil tábhachtach in oideachas na bunscoile agus an chúis atá leis sin; agus déantar cur síos ann ar na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfoghlaim an pháiste. Cabhróidh creat curaclaim bunscoile le scoileanna cinntí áitiúla a dhéanamh maidir lena gcuraclam de réir mar a oibríonn siad le torthaí foghlama leathana a bheidh saincheaptha agus oiriúnach do na páistí ina bpobal scoile. Is creata den chineál céanna iad [Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige \(2009\)](#) agus an [Creat don tSraith Shóisearach \(2015\)](#) a thacaíonn le foghlaim an pháiste sula dtosaíonn sé ar an mbunscoil agus nuair a bhogann sé chuig an iar-bhunscoil.

Cathain a bheidh an curaclam athfhorbartha ar fáil do na scoileanna?

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar an amlíne don churaclam athfhorbartha. Úsáidfidh CNCM na torthaí ón gcomhairliúchán atá ar bun faoi láthair chun bailchríoch a chur ar an gcreat curaclaim. A luaithe is a fhoilseofar é ag tús 2023, beidh an creat seo in úsáid mar threoir ag forbairt na sonraíochtaí le haghaidh gach ceann de na réimsí curaclaim. Cé go bhfuil pleanáil mhionsonraithe le déanamh fós maidir le hacmhainní, struchtúir agus próisis, samhlaíonn CNCM go gcuirfear forbairt sonraíochtaí na réimsí curaclaim go léir i gcrích faoi shamhradh na bliana 2026. Is ceist í don Aire, amlíne le haghaidh obair na scoileanna ó thaobh chur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha, agus is í an Roinn Oideachais a leagfaidh an amlíne sin amach.

2020 – 2022: Foilsiú *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* agus comhairliúchán

Tús 2023: Foilsiú *Chreat Curaclaim na Bunscoile*

2023 – 2026: Forbairt na sonraíochtaí curaclaim agus tacaíocht acu ó chomhairliúchán agus obair ar bun le ceannairí scoile, múinteoirí, páistí agus tuismitheoirí

2026: Na sonraíochtaí curaclaim tugtha chun críche ag CNCM

Cén fáth a ndearnadh obair ar Churaclam Teanga nua na Bunscoile agus ar Churaclam Matamaitice na Bunscoile roimh churaclam na bunscoile trí chéile?

Leagtar amach clár oibre le haghaidh athchóiriú an churaclaim in *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanáí agus Daoine Óga 2011 – 2020 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2011)*. Thug sé sin ar CNCM tús a chur le hathfhorbairt churaclam na bunscoile i dtaca le teangacha (Gaeilge agus Béarla) agus ansin leis an matamaitic. Á mhúnlú ag an gclár ama sa straitéis, leanadh den obair sin sula ndearnadh athbhreithniú trí chéile ar churaclam na bunscoile.

Cén gaol atá ag Curaclam Teanga na Bunscoile leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha?

Cé go bhfuil sé foilsithe cheana féin, tá ceangal díreach ag [Curaclam nua Teanga na Bunscoile](#) leis an bhfís, na prionsabail, an struchtúr agus an t-ábhar atá molta le haghaidh an churaclaim athfhorbartha. Cuir i gcás, úsáidtear torthaí foghlama sa churaclam teanga chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bheifear ag súil a chuirfidh an páiste i gcrích

faoi dheireadh na tréimhse. Úsáidfeadh torthaí foghlama ar an gcaoi chéanna i ngach réimse agus ábhar eile sa churaclam. Táthar ag súil go dtabharfaidh an taithí atá ag múinteoirí ag obair leis an gcuraclam teanga treoir agus buntáiste don aiseolas a bhaileofar i rith an chomhairliúcháin ar leis an dréachtchreat.

Moltar sa dréachtchreat go dtabharfaí Nuatheangacha lasachta isteach i gcéimeanna 3 agus 4 (rang a trí – rang a sé). Fiosraítear sa [cháipéis eolais](#) seo an fhéidearthacht maidir leis na Nuatheangacha lasachta a chomhtháthú i gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Má chuirtear Nuatheangacha lasachta sa churaclam athfhorbartha d'fhéadfadh sé go mbeadh gá, de réir a chéile, roinnt athruithe anonn is anall a dhéanamh ar an gcuraclam teanga. Is féidir faisnéis bhreise maidir leis an Teanga a fháil ar leathanach 13 den dréachtchreat.

Cén gaol atá ag Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile leis an gcuraclam athfhorbartha?

Anuas ar an réimse teanga, bhí CNCM ag obair freisin ar an dréacht nua den Churaclam Matamaitice. Bhí go leor múinteoirí agus príomhoidí páirteach sa chomhairliúchán in 2017/2018 maidir leis an dréachtchuraclam do na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó. I ndiaidh comhairliúcháin ar an dréacht-chreat, tá sé beartaithe ag CNCM an dréachtchuraclam don mhatamaitic a fhoilsiú (na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé) i gcomhair comhairliúcháin. Cuideoidh na torthaí ón gcomhairliúchán sin mar aon leis an gcomhairliúchán ar an dréachtchreat chun soiléiriú a thabhairt ar an gcaidreamh agus ar na naisc idir an dréachtchuraclam matamaitice agus an curaclam athfhorbartha iomlán. Is féidir faisnéis bhreise ar mhatamaitic a fháil ar leathanach 13 den dréachtchreat.

Cad iad na príomhtheachtaireachtaí a mhúnlaíonn na moltaí sa dréachtchreat?

Tá an comhairliúchán curtha le chéile bunaithe ar thacar sé phríomhtheachtaireacht a léiríonn, le chéile, na príomhghnéithe agus na hathruithe suntasacha atá beartaithe don churaclam bunscoile athfhorbartha. Tugtar breac-chuntas ar gach ceann díobh sin thíos:

An dréachtchreat:

1. Tógann sé ar **rath agus ar láidreachtaí churaclam 1999** ar nós an sult a bhaineann an páiste as an bhfoghlaim agus an úsáid mhéadaithe a bhaineann na múinteoirí as modheolaíochtaí


foghlama gníomhaí. Ag an am céanna, tugtar **freagra sa chreat ar na príomhdhúshláin** a d'aithin scoileanna ar nó ró-ualach an churaclaim agus an measúnú a úsáid ar bhealach stuama chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaím.

2. Leagann sé tábhacht ar **neamhspleáchas agus solúbthacht do scoileanna**, ag aithint na gcomhthéacsanna scoile éagsúla atá inár gcóras, agus ag déanamh soláthair do thimpeallachtaí foghlama a thacaíonn leis an bhfoghlaím a dhéanann gach páiste. Tá sé mar aidhm leis freisin solúbthacht a mhéadú do scoileanna i dtéarmaí pleanála agus socrú amchláir.
3. Tacaíonn sé leis na **haistrithe idir an baile, an réamhscoil agus an iar-bhunscoil** ach fíis a chur ar fáil le haghaidh fhoghlaím an pháiste thar ocht mbliana na bunscoile a nascann leis na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí Aistear agus a nascann an fhoghlaím sa Chreat don tSraith Shóisearach.
4. Déanann sé moltaí atá **freagrúil do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste** agus leabaítear seacht bpríomhinniúlacht ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé. Moltar freisin sa dréachtchreat go dtabharfaí tuilleadh ama agus feiceálachta don fholláine, agus go dtabharfaí nuatheangacha iasachta isteach ó rang a trí, go leathnófaí réimse an oideachais ealaíon agus go méadófaí an bhéim ar theicneolaíocht.
5. Moltar **athrú a dhéanamh ar an gcaoi a leagtar an curaclam amach** trí bhogadh ó ábhair sna chéad cheithre bliana den bhunscoil go dtí réimsí curaclaim leathana a thacaíonn le cur chuige comhtháite maidir leis an teagasc agus foghlaim. Dhéanfaí na réimsí sin a roinnt ina n-ábhair ó rang a trí ar aghaidh chun léiriú a thabhairt ar fheasacht mhéadaithe an pháiste ar ábhair mar bhealach chun a chuid foghlama a eagrú.
6. **Tacaíonn sé le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla, agus an measúnú i gcoilár an teagaisc agus na foghlama.** Cuirtear béim sa dréachtchreat ar an tábhacht atá le comhtháthú an churaclaim, ar chleachtas ionchuimsitheach, ar fhoghlaím bunaithe ar fhiosrúchán agus ar oideolaíocht spráíúil. Cuirtear an measúnú i láthair mar chuid lárnach de chleachtas laethúil an mhúinteora.

Cad iad comhpháirteanna an dréachtchreata?

Déanann an dréachtchreat cur síos ar chuspóir, struchtúr agus ábhar curaclam bunscoile athfhorbartha trí chomhpháirteanna idirnasctha (Féach ar Fhíor 1).

Fíor 1: Comhpháirteanna den Churaclam



Mínigh cad is brí leis an téarma múinteoir 'gníomhaíoch' i bhfís an churaclaim?

Luíonn dhá íomhá lárnacha i gcroílár na físe le haghaidh an churaclaim athfhorbartha – baineann ceann le múinteoirí agus an ceann eile leis na páistí. Tríd an obair a rinneamar le scoileanna le blianta beaga anuas tarraingíodh aird ar an ngá atá le béim níos soiléire a chur ar ról gairmiúil an mhúinteora. Is é an íomhá den mhúinteoir mar ghairmí tiomanta, sciliúil agus gníomhaíoch a chuirtear i láthair sa dréachtchreat. Aithnítear anseo an ról lárnach atá ag an mhúinteoir ó thaobh eispéiris foghlama shaibhre a sholáthar don pháiste de réir mar a bhaineann sé leas as raon scileanna, inniúlachtaí agus eolais chun breithiúnais agus cinntí eolasacha a dhéanamh faoi fhoghlaim agus forbairt an pháiste i gcomhthéacsanna éagsúla. Ag tacú leis an bhfís sin, tugtar deiseanna sa dréachtchreat don mhúinteoir roghanna a dhéanamh agus a bheith solúbtha sa chaoi a n-oibríonn sé leis an gcreat curaclaim, cuir i gcás, an úsáid a bhaineann sé as am, an luas agus patrún an teagaisc agus na foghlama, agus an chaoi a dtacaíonn sé le gach páiste dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama sa churaclam ar fad. Tá an fhís ar leathanach 5 den dréachtchreat.

Céard iad na príomhinniúlachtaí agus cén fáth a bhfuil siad á moladh le haghaidh an churaclaim bunscoile athfhorbartha?

Tacóidh na príomhinniúlachtaí atá á moladh don churaclam athfhorbartha leis an bpáiste an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na cuir chuige agus na luachanna a fhorbairt le haghaidh an tsaoil agus le haghaidh na foghlama. D'fhonn tacú leis an leanúnachas i bhfoghlaim an pháiste de réir mar a bhogann sé ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, tá na hinniúlachtaí nasctha d'aon turas le téamaí *Aistear* agus leis na príomhscileanna sa *Chreat don tSraith Shóisearach*. Leabófar iad i ngach réimse agus ábhar sa churaclam trí na torthaí foghlama do na naíonáin shóisearacha go rang a sé. Tacóidh raon cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta leis an dul chun cinn a dhéanfaidh an páiste i dtreo na hinniúlachtaí. Tugtar faisnéis sa [pháipéar taighde](#) seo ar phríomhinniúlachtaí agus is féidir faisnéis bhreise a fháil ar leathanaigh 7–10 den dréachtchreat.

Fíor 2: Príomhinniúlachtaí



Cén fáth a bhfuil ‘A bheith i d’fhoghlaim digiteach’ curtha isteach mar phríomhinniúlacht?

Tá sé mar aidhm ag ‘A bheith i d’fhoghlaim digiteach’ cumas an pháiste a chothú le bheith ina úsáideoir fiosrach, cruthaitheach, muiníneach agus criticiúil den teicneolaíocht dhigiteach ina shaol i sochaí dhigiteach. Leis sin caitear an inniúlacht sin a leabú i ngach réimse curaclaim mar léiriú ar fhairsinge na hinniúlachta digití thar gach réimse den saol.

Cén fáth a bhfuil ‘Folláine a chothú’ curtha isteach mar phríomhinniúlacht?

Tá sé mar aidhm ag ‘Folláine a chothú’ cuidiú leis an bpáiste an fholláine a léirtheiscint agus a thaispeáint ina chumas a bheith chomh sláintiúil ar bhonn fisiceach, sóisialta, mothúchánach agus spioradálta agus is féidir leis a bheith. D’fhonn féinfheasacht a chothú agus an tábhacht atá le go bhfeicfeadh an páiste é féin mar dhuine atá cumasach agus acmhainneach a chur chun cinn, caithfear an inniúlacht a leabú i ngach réimse curaclaim mar léiriú ar an tábhacht atá leis an bhfolláine i ngach réimse den saol.

Céard faoi mheasúnú sa churaclam bunscoile athfhorbartha?

Ag tarraingt ar na príomhsmaointe laistigh de [Assessment in the Primary School Curriculum: Guidelines for Schools \(CNCM, 2007\)](#), is próiseas comhoibríoch a bheidh i gceist leis an measúnú sa churaclam athfhorbartha ina mbeidh páistí agus múinteoirí páirteach, agus tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile uaireanta. I measc na bpríomhtheachtaireachtaí tábhachtacha faoin measúnú, tá siad seo a leanas:

- Tá an measúnú lárnach do theagasc agus foghlaim d’ardchaighdeán ar fud an churaclaim
- Bíonn an measúnú ar leanúntas idir ‘iomasach’ go dtí ‘idirghníomhaíochtaí pleanáilte’ go dtí ‘imeachtaí measúnaithe’
- Tugann an measúnú faisnéis do pháirtithe leasmhara éagsúla, agus bíonn an páiste lárnach iontu

Léiríonn measúnú sa dréachtchreat tuiscint gur gníomhaíocht shóisialta go nádúrtha í an fhoghlaim ina n-oibríonn an múinteoir agus an páiste le chéile chun faisnéis a úsáid chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim agus faoin teagasc sa seomra ranga. Tugtar faisnéis sa [pháipéar taighde](#) seo ar mheasúnú agus is féidir faisnéis bhreise a fháil ar leathanaigh 23–25 den dréachtchreat.


Cad iad na príomhtheachtaireachtaí atá mar bhunús leis na moltaí maidir le leithdháiltí ama?

Tá na leithdháiltí ama molta beartaithe chun cuidiú le múinteoirí agus le scoileanna a gcuid oibre leis an gcuraclam athfhorbartha a bhainistiú. Tá dhá chatagóir ama i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe sna leithdháiltí sin. Tugann an chéad chatagóir, *Íos-Am Curaclaim*, leithdháileadh ama seachtainiúil le haghaidh Teanga; Matamaitice; agus Folláine, agus leithdháileadh ama míosúil le haghaidh Eolaíocht agus Oideachas Teicneolaíochta; Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; agus Oideachas Ealaíon. Freagraíonn an dara catagóir ama, *Am Solúbtha*, do thosaíochtaí oideachais na scoile féin, anois agus sa todhchaí. Tá sé beartaithe go dtarlóidh comhtháthú níos mó leis an tsolúbthacht sin agus go mbeidh deiseanna ann don mhúinteoir bloic ama níos mó a úsáid ina phleanáil curaclaim ionas go mbeidh sé in ann obair thionscadail a dhéanamh agus a bheith páirteach i dtionscnaimh áitiúla. Forbrófar treoirlínte praiticiúla agus samplaí den chaoi a bhféadfaidh múinteoirí agus scoileanna na catagóirí leithdháilte ama a úsáid.

Céard iad na cosúlachtaí/difríochtaí idir na trí rogha don leithdháileadh ama?

D'fhonn bonn eolais a chur faoi phlé agus cur is cúiteamh sa chomhairliúchán, cuirtear trí rogha maidir le leithdháileadh ama i láthair ar leathanaigh 15–18 den dréachtchreat. Nuair a bhí gach ceann de na roghanna á gceapadh, tógadh am ó gach gné den churaclam reatha, cé is moite den Fholláine (Corpoideachas agus OSPS) agus sosanna agus caitheamh aimsire.

Tábla 1: Roghanna maidir leis an Leithdháileadh Ama



Céard iad na hullmhúcháin atá á ndéanamh i láthair na huaire chun tacú le scoileanna ullmhú chun oibriú leis an gcuraclam bun scoile athfhorbartha?

Tá CNCM ag obair le scoileanna ar fud na tíre i [bhFóram Scoileanna](#). Bhí ról lárnach go dtí seo ag an bhFóram ó thaobh na smaointe agus na moltaí sa dréachtchreat a mhúnlú. Ina theannta sin, tharraing na scoileanna féin aird ar na cineálacha tacaíochtaí a bheidh ag teastáil sna blianta beaga amach anseo. Agus é sin in úsáid mar bhonn eolais aici, tá CNCM ag obair i ndlúthchomhar le scoileanna agus le comhpháirtithe oideachais i gcoitinne lena n-áirítear iad sin ag leibhéal beartais, chun pleanáil d'athrú stuama agus fiúntach ar an gcuraclam agus an bealach a leagan amach faoina chomhair. Léiríonn sé sin deis bhríomhar do gach páirtí leasmhar oideachais foghlaim, fás agus forbairt le chéile mar phobal, ionas gur féidir linn soláthar a dhéanamh do na heispéiris agus na torthaí foghlama is fearr ar bith a bhaint amach do pháistí.

Mar a tharlaíonn le haon athrú, tá sé nádúrtha go dtiocfadh ceisteanna chun cinn maidir leis an mbóthar atá amach romhainn agus an chaoi a dtacófar le múinteoirí agus le ceannairí scoile chun an t-athrú sin a chur i bhfeidhm. Le cúpla mí anuas, bhí CNCM ag comhoibriú le páirtithe leasmhara tríd an tsraith seimineár *Leading Out*, chun pleanáil chun cinn chun an curaclam athfhorbartha a thabhairt isteach. Tá topaicí mar thacú le tacaíocht múinteora, forbairt ghairmiúil, acmhainní a chur ar fáil, uainiú agus luas an athraithe, agus nithe eile, faoi chaibidil san obair sin.

An gcaithfear athrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann múinteoirí pleananna don teagasc agus foghlaim?

Caithfear. Cruthófar deiseanna agus athruithe leis an gcuraclam athfhorbartha ar an gcaoi a n-ullmhaíonn múinteoirí don teagasc agus foghlaim i láthair na huair. Tá an obair ullmhúcháin curtha ar bun cheana féin le páirtithe leasmhara san oideachas, lena n-áirítear múinteoirí agus ceannairí scoile, ag leagan amach cén sórt cuma a d'fhéadfadh a bheith ar ullmhúchán stuama don teagasc agus don fhoghlaim sa todhchaí. I measc na bpríomhchomaoineacha a bheith mar bhonn is mar thaca ag an obair sin beidh an tábhacht atá le heispéiris foghlama an pháiste, ualach oibre an mhúinteora a bhainistiú, tacú le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla, comhtháthú bríoch, agus ról lárnach an mheasúnaithe. Tá sé beartaithe go gcuirfidh ábhair thacaíochta agus treoir ar chumas múinteoirí ullmhú don teagasc agus foghlaim de réir mar a chuirfidh siad an curaclam athfhorbartha i bhfeidhm ina gcuid scoileanna.

Cé na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do mhúinteoirí chun tacú leo oibriú leis an gcuraclam athfhorbartha?

Tabharfaidh raon acmhainní lena n-áirítear samplaí d'ábhair foghlama agus tacaíochta páistí do mhúinteoirí treoir do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile de réir mar a oibríonn siad leis an gcuraclam athfhorbartha. Is deis é an comhairliúchán atá ar bun faoi láthair ar an dréachtchreat do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do thuismitheoirí na cineálacha tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun cuidiú leo oibriú leis an gcuraclam athfhorbartha iomlán as seo go ceann roinnt blianta a shainaitheint.

Cén chaoi a dtacaíonn na moltaí sa dréacht-chreat le scoileanna chun freagairt don éagsúlacht agus lena n-iarachtaí páistí a chumasú le go mothóidh siad go bhfuil meas orthu, go gcuirtear luach orthu agus go bhfuil siad rannpháirteach san fhoghlaim?

Trína fhís agus trína chuid prionsabal, spreagann an dréacht-chreat léirthuisicint do chumais uathúla, ábhair spéise, cultúr, teanga, creidimh agus cúlra na bpáistí. Cuireann an dréacht-chreat cothromas deiseanna agus rannpháirtíochta chun cinn ar bhealach ina dtacaítear le gach páiste páirt lánbhrí a ghlacadh agus dúshlán a bheith aige san fhoghlaim, chomh maith le hidirghníomhaíocht dhearfach lena chuid comhscoláirí agus le daoine eile i bpobal na scoile. Is samplaí iad úsáid na dtorthaí foghlama leathana i sonraíochtaí curaclaim agus na réimsí foghlama nua atá beartaithe a thabhairt isteach, amhail Nuatheangacha lasachta agus Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic, mar aon leis an aitheantas atá ann ar an ról tábhachtach atá ag teangacha baile i gCuraclam Teanga na Bunscoile, ar na bealaí ina bhfreagraítear don éagsúlacht sa dréacht-chreat. Cuirfidh an curaclam athfhorbartha ar chumas páistí naisc a dhéanamh le teangacha, cultúir, féiniúlachtaí agus cruinnessamhlacha difriúla trí thaithí foghlama éagsúil agus oideolaíochtaí mothálacha a chur chun cinn.

Cé chomh hionchuimsitheach is atá an curaclam athfhorbartha don pháiste a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais aige?

Aithneofar sa churaclam athfhorbartha go bhfuil gach páiste éagsúil maidir le cumas, míchumas, teanga, cúlra teaghlaigh, aois, cultúr, stádas eitneach, reiligiún, inscne agus féiniúlacht ghnéasach an pháiste sin. Cuireann sé comhionannas rochtana agus rannpháirtíochta chun cinn trí phrionsabail an teagaisc agus na foghlama agus go háirithe an prionsabal maidir le hoideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht agus an ráiteas maidir le *hOideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht*. Cuimsítear leis sin comhtháthú sóisialta, muintearas, rannpháirtíocht stuama san fhoghlaim agus idirghníomhaíochtaí dearfacha le comhscoláirí agus le daoine eile sa phobal scoile. Baineann an curaclam athfhorbartha le tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun taithí foghlama ionchuimsitheach a thabhairt do gach páiste sa bhunscoil. Is féidir faisnéis bhreise ar oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht a fháil ar leathanach 20 den dréachtchreat.

Thug Treoirlínte 2007 do Scoláirí faoi Míchumais Foghlama Ghinearálta curaclam iomchuí do pháistí a bhfuil Míchumais Foghlama Ghinearálta acu. An féidir iad sin a úsáid i gcónaí do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu sa churaclam athfhorbartha?

Ciallóidh forbairt na sonraíochtaí nua le haghaidh na réimsí agus na n-ábhar difriúil sa churaclam, nach gcomhlánóidh Treoirlínte 2007 curaclam na bunscoile níos mó. Mar sin féin, tá gnéithe de Threoirlínte 2007, amhail an Réamhrá, Feasacht agus na cuir chuige foghlama agus teagasc do scoláirí a bhfuil míchumais foghlama ghinearálta acu, agus Pleanáil, atá ábhartha d'aon churaclam. Beidh treoir maidir le tacú le páistí a bhfuil Míchumais Foghlama Ghinearálta acu chun rochtain a fháil agus foghlaim tríd an gcuraclam athfhorbartha mar chuid de na hábhair tacaíochta a chuirfear ar fáil sna huirlisí úsáide don churaclam ar líne. Úsáidtear an cur chuige céanna sin le *Curaclam nua Teanga na Bunscoile agus Dréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile*.

Cén chaoi a ndéantar comhtháthú a chur chun cinn sa churaclam bunscoile athfhorbartha?

Mar a mholtar sa dréachtchreat, beidh an comhtháthú i réimsí ábhair agus laistigh de réimsí ábhair níos feiceálaí, má chuirtear an curaclam i láthair i réimsí curaclaim le haghaidh chéimeanna 1 agus 2 (na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó). Moltar go roinnfí na réimsí curaclaim sin ina n-ábhair i gcéim 3 agus 4 (rang a trí go dtí rang a sé) mar léiriú ar fheasacht mhéadaithe an pháiste ar an domhan. Leanfaidh na sonraíochtaí ábhair ag cur deiseanna tábhachtacha ar fáil i gcónaí don teagasc agus foghlaim ar bhealaí spéisiúla comhtháite, ar nós téamaí, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna fíorshaoil ar pointí tosaigh iad don teagasc agus foghlaim chomhtháite. Cuirtear comhtháthú curaclaim chun cinn sa churaclam bunscoile athfhorbartha agus déantar sin ar bhealaí difriúla:

1. Leabaítear na príomhinniúlachtaí i dtorthaí foghlama ar fud an curaclaim ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé ag cur leanúnachais agus nascachta ar fáil i bhfoghlaim an pháiste de réir mar a théann sé tríd an mbunscoil.
2. Tacaíonn torthaí foghlama leis an gcomhtháthú trí dheiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí oibriú ar choincheapa idirdhisciplíneacha, ar scileanna agus ar eolas de réir mar a bhíonn siad ag gabháil don fhoghlaim.

Áireofar leis na huirlisí úsáide don churaclam ar líne samplaí den chaoi a n-úsáideann scoileanna téamaí, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna fíorshaoil chun teagasc

agus foghlaim a chomhtháthú ar fud an churaclaim athfhorbartha. Is féidir faisnéis bhreise ar chomhtháthú a fháil ar leathanach 22 den dréachtchreat.

Cén gaol atá ag an Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) leis an gcuraclam athfhorbartha?

Leagtar amach comhairle maidir leis an treo don OCG sa todhchaí in [Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta \(OCG\) i mBunscoileanna agus in Iarbunscoileanna \(2019\)](#). Cuirtear cur chuige níos iomlánaí maidir le soláthar OCG chun cinn sa chomhairle sin, áit ina bhfuil na gnéithe caidrimh agus mothúchána nasctha agus cothromaithe leis na gnéithe gnéasachta. I gcás an churaclaim bunscoile athfhorbartha, déantar soláthar do OCG i réimsí beartaithe curaclaim na Folláine agus an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Luachanna. Déanfar na cinntí maidir leis na gnéithe de OCG a mhúinfeadh sa churaclam athfhorbartha agus cathain a mhúinfeadh iad a chomhaontú trí dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Is féidir faisnéis bhreise maidir le réimsí agus ábhair sa churaclam a fháil ar leathanaigh 11–14 den dréachtchreat.

Cé na ceangail atá idir an curaclam athfhorbartha, *Aistear* agus an *Creat don tSraith Shóisearach*?

Cruthaíonn an dréachtchreat ceangal stuama le *Aistear* agus an *Creat don tSraith Shóisearach* chun leanúnachas agus dul chun cinn a chur chun cinn i bhfoghlaim an pháiste. Tógann na prionsabail teagaisc agus foghlama ar na prionsabail in *Aistear* agus nascann siad leis na prionsabail atá sa *Chreat don tSraith Shóisearach*. Leathnaíonn na príomhinniúlachtaí agus na réimsí curaclaim leathana i gcéimeanna 1 agus 2 (na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó) réamhfhoghlaim an pháiste a mhúnlaítear trí théamaí *Aistear* agus cuirtear leis an réamhfhoghlaim sin. Ar an gcaoi chéanna, tugann na príomhinniúlachtaí leanúnachas foghlama le príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus an fócas níos mó atá ar ábhair i gcéimeanna 3 agus 4 (rang a trí go dtí rang a sé), agus tacaíonn siad sin leis an aistriú a dhéanann an páiste go dtí an iar-bhunscoil. Tá faisnéis bhreise ar aistriú, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim páistí ar leathanach 19 den dréachtchreat.